Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Meán Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**12036/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0256(NLE)**

**PECHE 299**
**UD 168**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 31 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 429 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le linn na tréimhse 2021-2023 agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 429 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 429 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.8.2022
COM(2022) 429 final

2022/0256 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le linn na tréimhse 2021-2023 agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle[1] lena n- osclaítear agus lena bhforáiltear do bhainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le haghaidh na tréimhse 2021–2023, glacadh é an 13 Samhain 2020.

Is é is cuspóir don Rialachán sin an t-iomaíochas i dtionscal próiseála an Aontais a áirithiú agus gan táirgeadh táirgí iascaigh san Aontas a chur i mbaol trí sholáthar leordhóthanach táirgí iascaigh don tionscal a chinntiú. Chuige sin, déantar dleachtanna allmhairiúcháin ar líon áirithe táirgí iascaigh a laghdú agus a chur ar fionraí leis an Rialachán, laistigh de tharaif-chuótaí méid iomchuí. Sainítear ann freisin na hoibríochtaí próiseála ('oibríochtaí cáilitheacha') ar féidir taraif-chuótaí a úsáid leo chomh maith leo siúd nach féidir.

Leasaíodh Rialachán 2020/1706 an 19 Iúil 2021 trí chuótaí uathrialacha nua a chur leis mar gheall ar dhul in éag prótacal déthaobhach le Ríocht na hIorua[2] agus leis an Íoslainn[3] lena ndéantar foráil maidir le cuótaí le haghaidh táirgí áirithe éisc agus iascaigh. Rachaidh na cuótaí uathrialacha nua sin in éag an 31 Deireadh Fómhair 2022. Ós rud é nach dtabharfar an chaibidlíocht ar phrótacail dhéthaobhacha nua i gcrích roimh an dáta sin, d'fhéadfaí coinne a bheith le ganntanas ábhar iascaigh saor ó dhleacht lena bpróiseáil san Aontas. Dá bhrí sin, is gá síneadh a chur le bailíocht na gcuótaí go dtí deireadh chur i bhfeidhm Rialachán 2020/1706.

### • Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Le 20 bliain anuas, tá an tionscnamh seo i gcomhréir le beartas an Aontais maidir le soláthar leordhóthanach táirgí iascaigh a chinntiú dá thionscal próiseála agus saothraíonn sé an beartas sin freisin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

### • Bunús dlí

Airteagal 31 CFAE.

### • Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)

Tagann dleachtanna na Comhtharaife Custaim faoi inniúlacht eisiach an Aontais. Níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta maidir leis na forálacha seo dá bhrí sin.

### • Comhréireacht

Tá an rogha bheartais comhréireach mar níl ach méid teoranta de gach táirge údaraithe, agus an ráta úsáide, cothrom iomaíochta idir táirgeoirí an Aontais agus táirgeoirí lasmuigh den Aontas, breisluach agus fabhair thrádála eile á gcur san áireamh.

---

[1] IO L 385, 17.11.2020, lch. 3
[2] IO L 141, 28.5.2016, lch. 22
[3] IO L 141, 28.5.2016, lch. 18

- **An rogha ionstraime**

Ní bhaineann le hábhar.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní bhaineann le hábhar

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh measúnú tionchair. Is é is aidhm don togra leasú a dhéanamh ar an ngníomh dlíthiúil atá ann faoi láthair, a rachaidh in éag ag deireadh 2023. Níl aon ghá le measúnú tionchair dá bhrí sin.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá tionchar buiséadach ag an togra ar ioncam an Aontais i dtéarmaí dleachtanna custaim a cailleadh, dleachtanna a bhaileofaí ar tháirgí allmhairithe. Baineann cuóta amháin atá beartaithe le táirge atá faoi réir dhleacht 20 % de chuid na Náisiún Barrfhabhair (NBF) (scadáin faoi sháile). Baineann dhá chuóta eile atá beartaithe le táirgí a thairbhíonn d'fhionraí taraife idir an 15 Feabhra agus an 15 Meitheamh. Le linn na coda eile den bhliain, bíonn scadáin reoite faoi réir dhleacht NBF 15 %. Baineann trí chuóta eile le táirge atá faoi réir dhleacht NBF 15 % faoi láthair.

Ríomhadh an méid sonraithe 10,94 milliún euro den chaillteanas ioncaim ar bhonn an tonnáiste atá beartaithe laistigh den taraif-chuóta (rud a chiallaíonn go mbaintear úsáid uasta as an gcuóta), luach allmhairithe dearbhaithe na dtáirgí le haghaidh na méideanna allmhairithe comhfhreagracha (luach cuóta) agus ráta dleachta NBF 15 % nó 20 % ar an táirge, gan an tréimhse fionraíochta taraife a chur san áireamh. Dá bhrí sin, is é sin an t-uasmhéid ioncaim is féidir a chailleadh ós rud é go dtugann an tAontas fabhair thrádála níos fearr do ghrúpaí éagsúla de thríú tíortha (Córas Ginearálaithe um Fhabhair, Comhaontuithe Saorthrádála).

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Ní bhaineann le hábhar

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Is éard atá i gceist leis an togra síneadh a chur le bailíocht na gcuótaí atá ann faoi láthair, is iad sin 09.2509, 09.2510, 09.2512, 09.2513 agus 09.2514, go dtí deireadh bhailíocht Rialachán 2020/1706. Chun sin a dhéanamh, is gá cuótaí nua a chur isteach lena gcumhdófar an tréimhse ó Shamhain 2022 go Nollaig 2023. Méadaítear na méideanna bliantúla go comhréireach chun tréimhse iomlán an chuóta 14 mhí a chumhdach.

2022/0256 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le linn na tréimhse 2021-2023 agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 31 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi láthair, bíonn soláthairtí tháirgí iascaigh áirithe an Aontais ag brath ar allmhairí ó thríú tíortha. Le deacáidí beaga anuas, d'éirigh an tAontas níos spleáiche ar allmhairí chun tomhaltas táirgí iascaigh ann a shásamh. Ionas nach gcuirtear táirgeacht tháirgí iascaigh an Aontais i mbaol agus chun a áirithiú go bhfuil soláthar leordhóthanach ann do thionscal próiseála an Aontais, ba cheart dleachtanna allmhairiúcháin ar líon áirithe táirgí iascaigh a chur ar fionraí nó a laghdú laistigh de tharaif-chuótaí méid iomchuí.

(2) Le Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle[1], osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le linn na tréimhse 2021-2023 agus foráiltear maidir leis an mbainistiú sin. Cinneadh méideanna iomchuí le haghaidh gach taraif-chuóta chun a áirithiú go mbeidh soláthar leordhóthanach chuig tionscal an Aontais le haghaidh na tréimhse sin.

(3) Leasaíodh Rialachán (AE) 2020/1706 an 19 Iúil 2021 le Rialachán 2021/1203 ón gComhairle[2] trí chuótaí nua, i measc cuótaí eile, a mbeidh feidhm acu go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2022, a chur leis mar gheall ar dhul in éag prótacal déthaobhach le Ríocht na hIorua[3] agus leis an Íoslainn[4] lena ndéantar foráil maidir le cuótaí le haghaidh táirgí áirithe éisc agus iascaigh.

(4) Mar sin féin, an chaibidlíocht i ndáil le prótacail bhreise leis an Íoslainn agus le Ríocht na hIorua, ar prótacail iad lena ndéantar foráil maidir le cuótaí le haghaidh táirgí áirithe éisc agus iascaigh, ní thabharfar i gcrích í roimh an 31 Deireadh Fómhair 2022.

---

1 Rialachán (AE) 2020/1706 ón gComhairle an 13 Samhain 2020 lena n-osclaítear bainistiú tharaif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais le haghaidh táirgí iascaigh áirithe le linn na tréimhse 2021-2023 agus lena bhforáiltear maidir leis an mbainistiú sin (IO L 385, 17.11.2020, lch. 3)

2 Rialachán (AE) 2021/1203 ón gComhairle an 19 Iúil 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) 2020/1706 a mhéid a bhaineann le taraif-chuótaí uathrialaitheacha an Aontais a chuimsiú le haghaidh táirgí áirithe iascaigh (*IO L 261, 22.7.2021, lch. 1-3)*

3 IO L 141, 28.5.2016, lch. 22

4 IO L 141, 28.5.2016, lch. 18

(5) Is gá, dá bhrí sin, cuótaí nua a bhunú a mbeidh feidhm acu go dtí deireadh chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2020/1706.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2020/1706 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Samhain 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*